



2024/1193

25.4.2024

RIALACHÁN CUR CHUN FEIDHME (AE) 2024/1193 ÓN gCOIMISIÚN

an 24 Aibreán 2024

maidir le húdarú hiodrocsaíde sóidiam a athnuachan mar bhreiseán beathaithe le haghaidh cat, madraí agus éisc ornáideacha agus lena n-aisghairtear Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) Uimh. 161/2013

(Téacs atá ábhartha maidir le LEE)

TÁ AN COIMISIÚN EORPACH,

Ag féachaint don Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh,

Ag féachaint do Rialachán (CE) Uimh. 1831/2003 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 22 Meán Fómhair 2003 maidir le breiseáin lena n-úsáid i gcothú ainmhithe ⁽¹⁾, agus go háirithe Airteagal 9(2) de,

De bharr an mhéid seo a leanas:

- (1) Le Rialachán (CE) Uimh. 1831/2003 déantar foráil maidir le húdarú breiseán lena n-úsáid i gcothú ainmhithe agus maidir leis na forais agus na nósanna imeachta i leith an t-údarú sin a dheonú agus a athnuachan.
- (2) Le Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) Uimh. 161/2013 ón gCoimisiún, údaraíodh hiodrocsaíd sóidiam ar feadh thréimhse 10 mbliana mar bhreiseán beathaithe le haghaidh cat, madraí agus éisc ornáideacha ⁽²⁾.
- (3) I gcomhréir le hAirteagal 14(1) de Rialachán (CE) Uimh. 1831/2003, cuireadh iarratas isteach chun údarú hiodrocsaíde sóidiam a athnuachan mar bhreiseán beathaithe le haghaidh cat, madraí agus éisc ornáideacha, ina n-iarrtar go n-aicmeofaí an breiseán i gcatagóir na mbreiseán 'breiseáin theicneolaíocha' agus san fheidhmghrúpa 'rialtáin aigéadachta'. Bhí na sonraí agus na doiciméid a cheanglaítear faoi Airteagal 14(2) den Rialachán sin ag gabháil leis an iarratas sin.
- (4) Tháinig an tÚdarás Eorpach um Shábháilteacht Bia ('an tÚdarás') ar an gconclúid sa tuairim uaidh an 5 Meán Fómhair 2023 ⁽³⁾ go bhfuil hiodrocsaíd sóidiam fós sábháilte le haghaidh na spriocspeiceas faoi na coinníollacha úsáide atá údaraithe faoi láthair, ar choinníoll nach gcuirfidh an tiúchan iomlán sóidiam i mbeatha as do chothromaíocht fhoriomlán na leictрилíte. D'athdhearbhaigh an tÚdarás ina chonclúid roimhe seo go bhfuil an breiseán creimneach agus chuir sé in iúl freisin nach bhfuil gá le measúnú a dhéanamh ar éifeachtúlacht an bhreiseáin toisc nach n-áirítear san iarratas ar athnuachan an údaraithe moladh maidir le coinníollacha an údaraithe bunaidh a leasú ná a fhorlíonadh, ar moladh é a mbeadh tionchar aige ar éifeachtúlacht an bhreiseáin.
- (5) Maidir leis na conclúidí agus na moltaí ar thángthas orthu le linn an mheasúnaithe a rinneadh i ndáil leis an modh a úsáidtear chun anailís a dhéanamh ar hiodrocsaíd sóidiam mar bhreiseán beathaithe i gcomhthéacs an údaraithe roimhe seo, mheas an tSaotharlann Tagartha a bunaíodh le Rialachán (CE) Uimh. 1831/2003 go bhfuil na conclúidí agus na moltaí sin bailí agus infheidhme maidir leis an iarratas atá ann faoi láthair. Dá bhrí sin, i gcomhréir le hAirteagal 5(4), pointe (c), de Rialachán (CE) Uimh. 378/2005 ⁽⁴⁾ ón gCoimisiún, níl gá le tuarascáil mheastóireachta ón tSaotharlann Tagartha.

⁽¹⁾ IO L 268, 18.10.2003, lch. 29. ELI: <http://data.europa.eu/eli/reg/2003/1831/oj>.

⁽²⁾ Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) Uimh. 161/2013 ón gCoimisiún an 21 Feabhra 2013 maidir leis an údarú ullmhóide arb é atá inti hiodrocsaíde sóidiam mar bhreiseán beathaithe le haghaidh cat, madraí agus éisc ornáideacha (IO L 49, 22.2.2013, lch. 52). ELI: http://data.europa.eu/eli/reg_impl/2013/161/oj.

⁽³⁾ EFSA Journal [Iris EFSA], 2023;21(9):8249.

⁽⁴⁾ Rialachán (CE) Uimh. 378/2005 ón gCoimisiún an 4 Márta 2005 maidir le rialacha mionsonraithe le haghaidh chur chun feidhme Rialachán (CE) Uimh. 1831/2003 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle a mhéid a bhaineann le dualgaí agus cúraimí na Saotharlainne Tagartha Comhphobail a bhaineann le hiarratais ar údaruithe breiseán beatha (IO L 59, 5.3.2005, lch. 8, ELI: <http://data.europa.eu/eli/reg/2005/378/oj>).

- (6) I bhfianaise an mhéid thuas, measann an Coimisiún go gcomhlíonann hidrocsaíd sóidiam na coinníollacha dá bhforáiltear in Airteagal 5 de Rialachán (CE) Uimh. 1831/2003. Dá réir sin, ba cheart údarú an bhreiseáin sin a athnuachan. Ina theannta sin, measann an Coimisiún gur cheart bearta cosanta iomchuí a dhéanamh chun éifeachtaí díobhálacha ar shláinte úsáideoirí an bhreiseáin a chosc. Ba cheart na bearta cosanta sin a bheith gan dochar do cheanglais eile sábháilteachta oibrithe faoi dhlí an Aontais.
- (7) Mar thoradh ar údarú hidrocsaíde sóidiam a athnuachan mar bhreiseán beathaithe, ba cheart Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) Uimh. 161/2013 a aisghairm dá réir sin.
- (8) Ós rud é nach bhfuil gá leis na modhnuithe ar na coinníollacha maidir le húdarú hidrocsaíde sóidiam a chur i bhfeidhm láithreach ar chúiseanna sábháilteachta, is iomchuí foráil a dhéanamh maidir le hidirthréimhse do na páirtithe leasmhara chun iad féin a ullmhú chun na ceanglais nua a eascraíonn as athnuachan an údaráithe a chomhlíonadh.
- (9) Tá na bearta dá bhforáiltear sa Rialachán seo i gcomhréir leis an tuairim ón mBuainchoiste um Plandaí, Ainmhithe, Bia agus Beatha,

TAR ÉIS AN RIALACHÁN SEO A GHLACADH:

Airteagal 1

Athnuachan an údaráithe

Údarú na substaint a shonraítear san Iarscríbhinn, ar substaint í a bhaineann le catagóir na mbreiseán 'breiseáin theicneolaíocha' agus leis an bhfeidhmghrúpa 'rialtáin aigéadachta', déantar an t-údarú sin a athnuachan faoi réir na gcoinníollacha a leagtar síos san Iarscríbhinn sin.

Airteagal 2

Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) Uimh. 161/2013 a aisghairm

Aisghairtear Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) Uimh. 161/2013.

Airteagal 3

Bearta idirthréimhseacha

1. An tsubstaint a shonraítear san Iarscríbhinn agus sna réamh-mheascáin a bhfuil an tsubstaint sin iontu, nithe a tháirgtear agus a lipéadaítear roimh an 15 Samhain 2024 i gcomhréir leis na rialacha is infheidhme roimh an 15 Bealtaine 2024, féadfar leanúint dá gcur ar an margadh agus dá n-úsáid go dtí go mbeidh na stoic atá ann cheana ídithe.
2. Beatha chumaisc agus ábhair bheatha a bhfuil an tsubstaint a shonraítear san Iarscríbhinn iontu, nithe a tháirgtear agus a lipéadaítear roimh an 15 Bealtaine 2026 i gcomhréir leis na rialacha is infheidhme roimh an 15 Bealtaine 2024, féadfar leanúint dá gcur ar an margadh agus dá n-úsáid go dtí go mbeidh na stoic atá ann cheana ídithe.

*Airteagal 4***Teacht i bhfeidhm**

Tiocfaidh an Rialachán seo i bhfeidhm an fichiú lá tar éis lá a fhoilsithe in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh*.

Beidh an Rialachán seo ina cheangal go huile agus go hiomlán agus beidh sé infheidhme go díreach i ngach Ballstát.

Arna dhéanamh sa Bhruiséil, an 24 Aibreán 2024.

Thar ceann an Choimisiúin

An tUachtarán

Ursula VON DER LEYEN

Uimhir aitheantais an bhreiseáin beathaithe	Breiseán	Comhdhéanamh, foirmle cheimiceach, tuairisc, modh anailíse	Speiceas nó catagóir ainm-híoch	Uasteorainn aoise	Íoschion	Uaschion	Forálacha eile	Deireadh na tréimhse údaráithe
					mg/kg d'ábhar beatha iomlán ina bhfuil cion taise 12 %			
Catagóir: breiseáin theicneolaíocha. Feidhmghrúpa: rialtáin aigéadachta								
1j524	Hiodrocsaíd sóidiam	<i>Comhdhéanamh an bhreiseáin</i> Hiodrocsaíd sóidiam 50 % w/w (tuaslagán uisce) _____ <i>Tréithriú na substainte gníomhaí</i> Hiodrocsaíd sóidiam ≥ 98,0 % alcaile iomlán (arna ríomh mar NaOH) NaOH Uimh. CAS: 1310-73-2 Arna tháirgeadh trí shintéis cheimiceach _____ <i>Modh anailíse ⁽¹⁾</i> Hiodrocsaíd sóidiam a chinneadh sa bhreiseán beathaithe: Tiotraiméadracht — Coimre Chomhcheangailte FAO JECFA maidir le Sonraíochtaí Breiseán Bia, Monagraf Uimh. 1 (2006) ‘hiodrocsaíd sóidiam’.	Cait, madraí agus éisc ornáideacha	—	—	—	- Sonraigh sna treoracha maidir le húsáid an bhreiseáin agus na réamh-mheascán: ‘Ní chuirfidh an tiúchan iomlán sóidiam a bheidh mar thoradh air sin isteach ar chothromaíocht fhoriomlán na leictrilíte’. - Maidir le húsáideoirí an bhreiseáin agus na réamh-mheascán, bunóidh oibreoirí gnólachtaí beatha nósanna imeachta oibríochtúla agus bearta eagraíochtúla chun aghaidh a thabhairt ar rioscaí a d'fhéadfadh eascairt as a n-úsáid. I gcás nach féidir na rioscaí sin a dhíothú le nósanna imeachta agus bearta den chineál sin, is le trealamh cosanta pearsanta don chraiceann, do na súile agus don análú a úsáidfear an breiseán agus na réamh-mheascáin.	15 Bealtaine 2034

(¹) Tá sonraí faoi na modhanna anailíse le fáil ag an seoladh seo a leanas sa tSaotharlann Tagartha: https://joint-research-centre.ec.europa.eu/eurl-fa-eurl-feed-additives/eurl-fa-authorisation/eurl-fa-evaluation-reports_en.